

DONNCHADH MÓR AN CHROIDHE BHIG.

Bhí fear thall i mBéal Áth Cloga a dtugadh siad Donnchaadh Mór air, agus bhí dreatháir aige. 'Sé an t-ainm a bhí air Macán; agus chuir sé fios amach ar dhaoine móra na hÉireann uilig teacht chomh fada leis ún dinnéir, ag ceapadh go raibh sé an tsaidhbhir, Donnchadh mór. Agus tháinig sin chuige an mhuinntir sin uilig nó bhí siad le thigheacht aige agus chuid sé (Donnchadh Mór) síos ag leachta Dhonnchadha go Béal Áth Cloga agus dubhairt sé dán ann agus d'éirigh an bád fada aníos aige loma lán lochtuighthe le chuile shórt dá raibh le leagan ar bord ag duine uasal ar bith, agus nuair a bhí sé sin aige ghabh sé an t-aingeal aige.

"Tá rán i do dhán a Dhonnchadh"

"Cé'n áit í?" adeir Donnchadh

"An té a mbeidh an dán aige béidh an rán aige

Agus an té a mbéidh an rán aige béidh an dán aige."

Agus ghabh sé annsin isteach sa teach ag mór-uaisle na hÉireann agus ní raibh rud ar bith ag teastáil uab nach raibh acab agus ní raibh aon bhlas ag Donnchadh den mhéid a tháinig sa mbád fada ach caora dhubh. Agus annsin nuair a bhí a ndóthain ithte agus ólta ag mór-uaisle na hÉireann dubhairt an file:

Nach mairg nach gceangluigheann a chiall

Agus nach gcuireann srian le n-a ghuth;

Agus anois ó tháinig an fial

Nach maith an biadh an chaora dhubh."

Tháinig an t-aingeal annsin ag Donnchadh Mór agus dubhairt sé go raibh impidhe ar bith aige le fágáil a d'iarrfadh sé. Agus dubhairt Donnchadh leis gurb é raibh sé a iarraidh naoi naonbhar de na daoine ba goire dó a bheith ins na Flathais i néinfeacht leis féin

"Ó Dhonnchadh Mhóir an chraoidhe bhig, nach mairg duit nár iarr an saoghal láimhe chomh maith leis an méid a d'iarr tú, agus bhí sé le fágáil agat," adeir an t-aingeal leis.